

# I gCóngar i gCéin

PÁDRAIG STANDÚN



Cló Iar-Chonnacht  
Indreabhán  
Conamara

An Chéad Chló 2011  
© Cló Iar-Chonnacht 2011

ISBN 978-1-905560-68-4

**Dearadh:** Deirdre Ní Thuathail  
**Dearadh clúdaigh:** Abigail Bolt



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge  
as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid  
ón gComhairle Ealaíon.

Tá an t-údar buíoch de Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) as coimisiún a bhronnadh air i leith an tsaothair seo.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

**Clóchur:** Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
**Teil:** 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie  
**Priontáil:** CL Print, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
**Teil:** 091-593251

## I

**T**acsaí uisce a fuair Adrienne ón aerfort. Bhí a fhios aici go mbeadh sé costasach, ach sciobtha. Bhí an ghrian ag dul faoi cheana féin agus bhí eitleán Aer Lingus deireanach go maith ag tuirlingt sa Veinéis. Níor theastaigh uaithi a bheith ag iarraidh an t-árasán a bhí curtha in áirithe aici a thóraíocht sa dorchadas. De réir an ríomhphoist a fuair sí ón úinéir, d'fhágfadh an tacsaí uisce ag doras an fhoirgnimh í agus bheadh fear roimpi lena mála a thabhairt suas staighre. Bhí an t-árasán ar an tríú hurlár. Cé go raibh drogall uirthi roimh na céimeanna, bhí sé ráite ar an mbróisiúr gurbh fhiú an radharc ó bharr an tí chuile chéim acu.

Bhí an t-eitleán sách corraitheach nuair a bhí siad ag trasnú na nAlp, agus bhí áthas ar Adrienne a bheith ar ais slán sábháilte ar an talamh arís. Is beag a chuimhnigh sí roimh ré go mbainfeadh an tacsaí uisce creathadh den chineál céanna aisti. Tháinig scuaine bád ina dtreo, an t-uisce á chorraí acu agus an tacsaí ina raibh sí á chur ag preabadh ar bharr na dtonn. Ní raibh sa tacsaí ach í féin agus an tiománaí. Shuigh sí isteach sa gcábán beag, ach is beag an mhaith a rinne sé sin. Chaill sí a greim nuair a bhuaíl maidhm níos mó ná an chuid eile iad, agus thit sí siar ar a droim ar cheann de na suíocháin admhaid a bhí ar chaon taobh.

Bhí aoibh an ghéire ar bhéal an tiománaí nuair a bhreathnaigh sé siar uirthi, a cosa san aer, a sciorta dearg mí-oiriúnach don turas sin. Stop sé ag géire nuair ba léir gur thuig

sé go raibh sí scanraithe. Mhoilligh sé an bád agus shín sé lámh isteach sa gcábán le breith ar láimh dheis Adrienne. Tharraing sé aníos ina seasamh í. Dúirt sé rud eicint in Iodáilis nár thuig sí. Nuair a chuir sí é sin in iúl, d’iompaigh sé ar an mBéarla:

“*Catch.*”

Rug sise ar an ráille a thaispeáin sé di. Cé nach raibh cloiste aici uaidh ach an t-aon focal amháin i mBéarla, chuir sé iontas uirthi gur “*Ketch*” an fuaimniú a bhí aige ar an bhfocal. D’fhiafraigh sí de an in Éirinn a d’fhoghlaim sé a chuid Béarla.

D’imigh a fhreagra le gaoth agus dhírigh an tiománaí a chuid aire go hiomlán ar an obair a bhí ar siúl aige. Bhí siad imithe taobh amuigh den teorainn a bhí marcáilte san uisce le saltracha móra adhmaid sáite síos sa ngrinneall ar an dá thaobh, ach chuidigh sé sin leo, a cheap Adrienne. De bharr nach raibh na báid eile chomh gar is a bhíodar roimhe sin is lú an creathadh a bhí ar an mbád anois. Bhí sí ag suaimhniú de réir a chéile. Cé nach raibh sé baileach ina oíche fós bhain Adrienne taitneamh as an radharc a bhí amach roimpi os cionn an uisce. Bhí an spéir os cionn na cathrach deargaithe fós ag solas na gréine. Bhraith sí go raibh an cinneadh ceart déanta aici teacht chuig an gcathair cháiliúil seo. Idir fhoirgintí, shoilse agus uisce, bhí draíocht ag baint leis an áit seo. Bhraith sí go mba chuma léi mura bhfeicfeadh sí an baile go deo arís.

Ní raibh an baile ina bhaile níos mó, a smaoinigh sí, ach ar a laghad bhí áit aici le dhul dá dtogródh sí fillleadh. Fuair sí an teach i gCill Mhantáin nuair a scar sí féin agus Patrick. Agus tuige nach bhfaigheadh? Nach ann a rugadh is a tógadh í, agus cén fáth a mbeadh sé aige féin agus a leannán? Bhí sé drogallach go maith an teach a fhágáil aici. B’fhearr leis tuilleadh airgid a thabhairt di, fortún i ndáiríre, ach an teach

a choinneáil. Ach ní raibh sí sásta géilleadh, in ainneoin gur sa teach sin a thruailligh seisean a ngrá agus a bpósadh nuair a thug sé an bhitseach sin isteach ina leaba siadsan. Ina ainneoin sin, bhí taibhsí sa teach sin nach raibh sí sásta scaradh leo: taibhsí a muintire, taibhsí a saoil, taibhsí an ghrá a bhí aici do Phatrick tráth. Níor theastaigh uaithi filleadh go fóill, ach lá eicínt cá bhfios? Ancaire a bhí ann ina saol, ancaire a bhí scaoilte go fóill ach greamaithe faoi thoinn go dtí go dtiocfadh sí ar ais. Idir an dá linn, thabharfadh sí faoi dhúshlán nua i gcathair úr, i dtír eile ar fad.

Rófhada a d’fhan mé sa díog dhorcha, a smaoinigh Adrienne. Bhí sí ina seasamh le taobh an tiománaí, a cuid gruaige ag séideadh le gaoth, í ag cuimhneamh siar ar an mbliain a bhí caite ó thit a pósadh as a chéile. D’impigh Patrick uirthi teacht ar ais chuige arís is arís eile, ach ní fhéadfadh sí. Cén chaoi a bhféadfadh agus Síle ag súil le páiste a fir? Ba chuma leis, a dúirt sé. D’fhéadfadh sé a bheith ina athair don pháiste gan a bheith pósta lena mháthair. Scéal eile a bheadh ann, b’fhéidir, dá mbeadh gasúir acu féin, ach níor theastaigh sé sin uaidh ag tús a saoil phósta. “Go fóill,” a deireadh sé. Timpiste a bhí i gceist leis an rud eile. Ní raibh Síle sách cúramach. Shíl Patrick go mbeadh chuile chailín ar nós Adrienne; go dtabharfadh sí aire do na cúrsaí sin. Cá bhfios nach cleas a bhí á imirt ag an mbitseach ar an amadán soineanta d’fhear a bhí aici féin?

Dhíbir Adrienne na smaointe sin as a hintinn. Nach raibh sí leis na néalta dubha a choinneáil uaithi feasta? Dhíreodh sí a haird ar an uisce, ar na báid, ar na soilse – ar an saol a bhí roimpi amach. Ach shleamhnaigh an seansaol ar ais in ainneoin a cuid iarrachtaí dearmad a dhéanamh air. Ar scar siad óna chéile róthobann? Ar eitigh sí a seans páirt a bheith aici i dtógáil pháiste a fir, fiú dá mba le bean eile é nó í? B’fhéidir nach mbeadh an deis arís aici. Bhí cúig bliana déag

agus fiche dá saol caite aici cheana. Shíl sí ansin gurbh é tús agus deireadh an scéil go raibh sí i ngrá le Patrick agus nach bhféadfadh sí grá a thabhairt d'aon fhear eile go deo. Grá measctha le fuath. Dá bhfeicfeadh sí a shúile gorma in éadan a ghasúir nach dtitfeadh sí i ngrá leis an bpáiste sin ar an toirt? Fiú más bean eile a d'iompair é nó í trí ráithe agus a thug an gasúr ar an saol. Ach bhí a hancaire tarraingthe anois aici. Bhí an seansaol thart.

Táim ag tosú as an nua, arsa Adrienne léi féin nuair a bhí an bád ag snámh ón bhfarráige oscailte isteach i gcanáil chúng idir thithe. Is ar éigean a bhí ar a cumas gach ar bhain leis an áit tharraingteach seo a shú isteach. B'aisteach é mar bhaile, ina raibh na sráideanna ina n-aibhneacha. Bhíodar ag dul faoi dhroichid áilne le daoine ag siúl trasna orthu os a gcionn. Nuair a shroich siad canáil níos leithne bhí báid mhóra agus báid bheaga ag teacht ina dtreo agus tuilleadh ina ndiaidh. Shílfeá gurbh fhurasta do thimpiste tarlú, ach in ainneoin chomh gar is a bhí na soithí dá chéile, tháingadar slán i gcónaí.

D'aithin Adrienne an abhainn is mó, a shníonn ar nós nathair nimhe trí lár na cathrach, ón léarscáil ar a ndearna sí staidéar ar an eitleán, nuair a bhí an sruth mór sin bainte amach ag an tacsáí uisce. Bhí a fhios aici nach raibh siad i bhfad ó na hárasáin anois, agus thosaigh sí ar a málaí, a bhí scaipte ag síorluascadh an bháid, a bhailiú le chéile. Ní raibh an bád ag imeacht chomh sciobtha is a bhí, torann an innill níos ciúine. D'fhiafraigh an tiománaí di i mBéarla arbh í a céad uair sa Veinéis í. Chuir a mháistreacht ar an teanga iontas uirthi, ach ghlac sí leis gur de bharr a bheith ag síorchaint le turasóirí a bhí sé amhlaidh. Tharraing sé a bhád isteach chuig cé bheag ag doras tosaigh na n-árasán, áit a raibh déagóir ag fanacht lena málaí a iompar isteach. Tháinig beagán díomá ar Adrienne nuair a chuala sí an fear óg ag caint leis an tiománaí. Níor thuig sí focal ó bhéal ceachtar acu, cé

go raibh sí ag iarraidh Iodáilis a fhoghlaim ó leabhráin agus téipeanna le trí mhí roimhe sin.

Níor bhraith sí leath chomh dona nuair a thosaigh an déagóir ag caint i mBéarla breá léi, í ag ceapadh nach mbeadh cúrsaí teanga agus cumarsáide ródheacair dá mbeadh an oiread sin Béarla ag daoine áitiúla. Níor lig sé di aon rud a iompar ach a mála láimhe. Bhí na málaí troma ceangailte le chéile le rópa trí na láimhíní aige, é ag imeacht suas an staighre roimpi ar nós miúile a d'fheicfeá i scannán. Thug sí síntiús flaitiúil dó as ucht a chuid oibre sular fhág sé. Chomh luath is a thrasnaigh sí tairseach an árasáin chaith sí uaithi a bróga, mar go raibh a cosa ataithe ón eitleán. Shuigh sí ar feadh soicind ar an tolg, ach d'éirigh sí arís go scafánta, sceitimíní uirthi. Thosaigh sí ag siúl thart, ag breathnú ina timpeall san árasán, a baile nua.

Chuir an t-árasán teachín beag bábóige i gcuimhne d'Adrienne. Bhí gach rud beag: cistin, áit suí, áit chodlata, leithreas, folcadán, na pictiúir ar na ballaí, na hornáidí ar na seilfeanna, na cathaoireacha féin. Bhí gach rud beag, ach bhí siad néata, snasta agus déanta go hálainn. Bhuail sí a lámha lena chéile mar a dhéanadh sí nuair a bhí sí ina cailín beag nuair a thagadh Deaidí na Nollag nó nuair a thugadh a hathair féirín beag ar ais i ndiaidh dó a bheith ag taisteal. Bhíodh sé as baile trí nó ceithre oíche sa tseachtain, ag dul ó bhaile go baile ag díol éadaigh leis na siopaí. Shíl sí ag an am gurbh iontach an saol a bhí aige le hais a máthar: é ag fanacht in óstáin agus ag ithe i mbialanna. Bhí malairt tuairime aici nuair a thaispeáin sé cuid de na háiteacha sin di níos deireanaí: óstáin den dara nó tríú grád, gan compord gan carachtar. Cillíní beaga uaigneacha.

Ní raibh deartháir nó deirfiúr aici, agus is mar chara níos mó ná tuiste a bhreathnaigh sí ar a máthair, iad ag siopadóireacht lena chéile, an tuiscint chéanna acu ar chúrsaí

stíle agus faisin. Nuair ba déagóir í, ar ndóigh, dhiúltaíodh sí don rogha a dhéanadh a máthair, fiú má thaitin sé sin léi. Bhí sé mar threoir aici ina hintinn ag an am go gcaithfeadh sé go raibh daoine fásta mícheart faoi chuile rud. Chaith sí dathanna aisteacha ina cuid éadaigh agus ina cuid gruaige. An rud ba mheasa ná nár chuir na roghanna sin a máthair ná a hathair as a meabhair. “Má thaitníonn sé leatsa” an treoir a bhí acu siúd ar chúrsaí faisin an déagóra. Ghlac siad leis gur bhain na dathanna agus na leaganacha aisteacha ar a cuid éadaigh leis an ngairm a roghnaigh sí ina dhiaidh sin: le bheith ina healaíontóir. Ghlac a muintir leis sin freisin gan cheist. Má bhí sise sásta leis an saol, bhíodar féin sásta.

Bhí Adrienne sásta agus sona ina saol go dtí gur rug an deamhan ailse ar a máthair in aois a deich mbliana agus dhá scór. Bhí sí sé mhí ag fáil réidh le n-imeacht: a bolg ag at, an fheoil ag imeacht ón gcuid eile dá cnámharlach. Shílfeá i dtosach gur páiste a bhí á iompar aici, ach bás seachas breith a bhí inti istigh. Ghlac sí leis go réidh i ndiaidh tamaill, ró-réidh a cheap Adrienne. Ach céard eile a d’fhéadfadh sí a dhéanamh? Ghlac sí le cóir leighis ar feadh tamaill, agus nuair nár oibrigh sé sin, chuaigh sí ó scrín go scrín ag tóraíocht míorúilte. Má bhí míorúilt i ndán, b’fhéidir gurbh é an chaoi ar ghlac a máthair lena bás é: go stóiciúil.

D’oibrigh Adrienne cleas a mbainfeadh sí úsáid as nuair a theastaigh uaithi brón an bháis a choinneáil uaithi. Thug sí a máthair chun cuimhne mar a bheadh sí beo san árasán in éindí léi. Chuir sí ina suí í i súil a cuimhne, suite trasna uaithi ar cheann de na cathaoireacha beaga boga, gloine fíona ina láimh aici, ar nós go raibh sí ansin lena beo. Ach ní dheachaigh sí níos faide leis an tsamhail. Bhraithfeadh sí aisteach a bheith ag caint le taibhse, fiú le taibhse an té ab ansa léi ina saol. Nuair a bhí sé sin déanta aici, a máthair curtha ar a compord, thosaigh sí ar chuid dá málaí a fholmhú, fios aici ina croí istigh nach mbeadh sí ag bogadh ón áit sin go ceann tamaill mhaith.



D'oscail Adrienne buidéal fíona a cheannaigh sí ag an aerfort. Líon sí gloine agus sheas sí amach ar an mbalcóin. Chuir ciúnas na háite iontas uirthi. Smaoinigh sí ansin nach raibh gluaisteán ná leoraí ná truc feicthe aici ó tháinig sí chun na háite. Thosaigh sí ag gáire nuair a chuimhnigh sí ar fheithiclí mar sin ag iarraidh snámh ar bharr an uisce. Sheas sí, ag breathnú trasna amach ar an trácht a bhí ar siúl gan stopadh gan staonadh ar an gcanáil: báid bheaga, báid mhóra, báid den déanamh *gondola* — ag gluaiseacht siar is aniar, suas is anuas. Rinne sí iontas cá raibh an tiománaí tacsáí a thug go ceann cúrsa í faoin am seo; cé mhéad aistear a bhí déanta ó shin aige? Cé mhéad duine a casadh air i rith an lae? Bhraith sí go raibh go leor le foghlaim aici faoin mbaile iontach seo a bhí chomh difriúil ó chuile áit a chonaic sí riamh cheana.